



An Bhruiséil, 28 Samhain 2019  
(OR. en)

14601/19

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2018/0203(COD)

---

JUSTCIV 230  
EJUSTICE 155  
COMER 152  
CODEC 1696

## NÓTA

---

ó: An Uachtaránacht

chuig: An Chomhairle

---

Uimh. an doic. 13836/1/19

roimhe seo:

Uimh. an doic. ón 9620/18

gCoim.:

---

Ábhar: Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát i dtaca le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó thráchtála

- Cur chuige ginearálta

---

## I. RÉAMHRÁ

1. Ghlac an Coimisiún an togra thuasluaite le haghaidh athbhreithniú<sup>1</sup> ar an 31 Bealtaine 2018, agus chuir sé faoi bhráid na Comhairle agus na Parlaiminte é. Is é is bunús dlí leis Airteagal 81 (comhar breithiúnach in ábhair shibhialta) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus tá sé faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh.

---

<sup>1</sup> 9620/18.

2. Is ionstraim thábhachtach don chomhar Eorpach breithiúnach i nglacadh fianaise in ábhair shibhialta nó thráchtála atá i Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 ón gComhairle maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát. Is é is cuspóir don ionstraim sin creat a chur ar fáil le haghaidh cúnamh breithiúnach trasteorann idir na Ballstáit in ábhair shibhialta agus thráchtála trí bhailiú fianaise thar theorainneacha a éascú. Is é is aidhm don togra le haghaidh athbhreithniú córas a bhunú ar fud an Aontais chun iarrataí ar fhianaise a ghlacadh agus a fhorghníomhú, a tharchur go díreach, go slán agus go mear trí bhuntáistí an digitithe a shaothrú, fad is a neartaítear cosaintí nós imeachta. Iarrann an togra ón gCoimisiún go mbunófaí córas éigeantach leictreonach díláraithe TF chun na críche sin.
3. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an tuairim uaidh<sup>2</sup> maidir leis an togra sin agus an togra le haghaidh Rialacháin lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó in ábhair thráchtála (togra maidir le doiciméid a sheirbheáil) ar an 17 Deireadh Fómhair 2018. Mheas Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an dá thogra a bheith i gcomhréir leis an straitéis um mhargadh digiteach maidir le ríomhrialachas, go háirithe i dtaca leis an ngá atá le céimeanna a thabhairt chun an riarachán poiblí a nuachóiriú agus chun idir-inoibritheacht trasteorann a bhaint amach.
4. Ar an 13 Feabhra 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ar ghlacadh fianaise, le 37 leasú ar an togra ón gCoimisiún, le 554 vóta in aghaidh 26, agus 9 ag staonadh ón vótáil.
5. Ar an 13 Meán Fómhair 2019, thíolaic an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí Tuairim 5/2019 ar an togra sin, agus ar an togra maidir le doiciméid a sheirbheáil<sup>3</sup>.

---

<sup>2</sup> 14013/18.

<sup>3</sup> 12245/19.

6. Ag an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile i mí an Mheithimh 2019, chomhaontaigh na hAirí gur cheart an comhar breithiúnach i gcomhthéacs an togra seo agus an togra maidir le doiciméid a sheirbheáil a bhunú ar chóras TF díláraithe slán ina mbeadh córais TF náisiúnta idirnasctha. D'fhéadfadh na hairí, i bprionsabal, glacadh le córas éigeantach TF freisin, ach de réir coinníollacha áirithe amhail idirthréimhse níos faide, eisceachtaí ón úsáid éigeantach agus ón gcur chun feidhme tagartha a sholáthraíonn an Coimisiún.
7. Ní raibh aon ráiteas airgeadais maidir leis an tionchar ar bhuiséad an Aontais sa togra bunaidh ón gCoimisiún. Le linn an scrúdaithe ar an togra, d'iarr na toscaireachtaí go gcuirfí cúnaimh ar fáil le córas TF a chur ar bun, amhail bogearraí tagartha cur chun feidhme is féidir leis na Ballstáit a úsáid mar chóras cúil seachas córas TF arna fhorbairt go náisiúnta. Foráiltear leis an téacs ón Uachtaránacht gurb é an Coimisiún a bheidh freagrach as na bogearraí cur chun feidhme tagartha a chruthú, a chothabháil agus a fhorbairt amach anseo. Beidh tionchar suntasach ag an oibleagáid sin ar bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear athruithe ar líon na bpost. I gcomhréir le hAirteagal 35(1), fohír 2, de Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh<sup>4</sup>, d'ullmhaigh an Uachtaránacht, i gcomhar leis an gCoimisiún, ráiteas tascach airgeadais<sup>5</sup> ina leagtar amach an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag na leasuithe ar an mbuiséad, lena n-áirítear athruithe ar líon na bpost.
8. De bhun Airteagal 3 de Phrótocal (Uimh. 21) a ghabhann leis na Conarthaí maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, rinne Éire agus an Ríocht Aontaithe rogha a bheith páirteach sa togra seo. Níor bhain an Ríocht Aontaithe leas as an bhféidearthacht a leagtar amach in Airteagal 3 de Phrótocal (Uimh. 21) a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an togra seo. I gcur i bhfeidhm Phrótocal (Uimh. 22) a ghabhann leis na Conarthaí maidir le seasamh na Danmhairge, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na mbeart atá beartaithe.

---

<sup>4</sup> IO L 193, 30.7.2018, lch.1.

<sup>5</sup> 14427/19.

## II. TÉACS COMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

9. Leis an bplé a rinneadh, bhíothas in ann dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le saincheistanna substaintiúla ar an leibhéal teicniúil. Tá an Uachtaránacht den tuairim, dá bhrí sin, gur mithid don Chomhairle cur chuige ginearálta a ghlacadh maidir le téacs na nAirteagal agus aithrisí an Rialacháin atá beartaithe, gan dochar do thabhairt i gcrích saincheistanna áirithe de chineál teicniúil nó eagarthóireachta i ndáil le tabhairt i gcrích na nIarscríbhinní.
10. Féachtar ar eilimintí an téacs chomhréitigh mar phacáiste foriomlán arb é is aidhm dó creat éifeachtúil a chur ar fáil do chomhar breithiúnach trasteorann. Foráiltear leis an gcomhréiteach freisin do chothromaíocht íogair idir seasaimh éagsúla na mBallstát, agus ag an am céanna, muinín fhrithpháirteach á cothú eatarthu.

## III. STAID NA hIMEARTHA

11. Ag an gcruinniú a bhí aige ar an 27 Samhain 2019, d'fhorhnuigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs den dréacht-Rialachán a thíolaic an Uachtaránacht san Iarscríbhinn a ghabhann le 13836/1/19 REV 1, faoi réir modhnú a dhéanamh ar Airteagal 17b. I bhfianaise an mhéid sin, cuireann an Uachtaránacht an téacs céanna, cé is moite d'Airteagal 17b, a leagtar amach san Iarscríbhinn, faoi bhráid na Comhairle. Sa téacs sin, marcáiltear athruithe ar an togra ón gCoimisiún le **cló trom** agus marcáiltear nithe a scriosadh le [...].

## IV. CONCLÚID

12. Iarrann an Uachtaránacht ar an gComhairle
  - téacs an Rialacháin maidir le fianaise a ghlacadh mar atá sé san Iarscríbhinn a fhorhnuiniú mar phacáiste comhréitigh, mar chur chuige ginearálta, agus é á chur san áireamh go dtabharfar i gcrích na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán ar an leibhéal teicniúil a luaithe is féidir tar éis na Comhairle.

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát i dtaca le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó thráchtála**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe ar Airteagal 81 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ar mhaithe le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, ní mór tuilleadh feabhais a chur gan mhoill ar an gcomhar oibre idir cúirteanna i nglacadh fianaise.

- (2) I Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001<sup>6</sup> ón gComhairle, leagtar síos rialacha maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát i dtaca le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó thráchtála.
- (2a) Chun críocha an Rialacháin seo, ciallóidh an téarma 'cúirt' freisin údaráis eile atá ag cleachtadh feidhmeanna breithiúnacha nó a ghníomhaíonn trí tharmligean cumhachta ó údarás breithiúnach, nó a ghníomhaíonn faoi rialú údaráis bhreithiúnaigh atá inniúil ar fhianaise a ghlacadh de réir dlí náisiúnta chun críocha imeachtaí breithiúnacha in ábhair shibhialta agus thráchtála, go háirithe údaráis atá cáilithe mar chúirt faoi ionstraimí eile faoi dhlí an Aontais, amhail Rialachán (AE) Uimh. 2019/1111 ón gComhairle<sup>7</sup>, Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>8</sup>, agus Rialachán (AE) Uimh. 650/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>9</sup>.**

---

<sup>6</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát i dtaca le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta agus thráchtála, (IO L 174, 27.6.2001, lch. 1).

<sup>7</sup> **Rialachán (AE) Uimh. 2019/1111 ón gComhairle maidir le dlínse, aithint agus forfheidhmiú cinntí in ábhair maidir le pósadh agus le freagracht tuismitheora, agus maidir le fuadach idirnáisiúnta leanaí (IO L 178, 2.7.2019, lch. 1)**

<sup>8</sup> **Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse, aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO L 351, 20.12.2012, lch. 1)**

<sup>9</sup> **Rialachán (AE) Uimh. 650/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aitheantas agus forfheidhmiú cinntí agus glacadh le hionstraimí barántúla agus iad a fhorfheidhmiú in ábhair chomharbais agus maidir le Deimhniú Eorpach Comharbais a chruthú (OI L 201, 27.7.2012, lch. 107)**

- (3) Le tarchur tapa iarrataí agus teachtaireachtaí a áirithiú, ba cheart úsáid a bhaint as na modhanna nuatheicneolaíochta cumarsáide iomchuí ar fad. **Dá bhrí sin, mar riail**, ba cheart **gach cumarsáid** agus **gach** malartú doiciméid a chur i gcrích trí chóras TF **slán** díláraithe atá comhdhéanta de na córais náisiúnta TF. **Chuige sin, ba cheart córas TF díláraithe a bhunú le haghaidh malartuithe sonraí i gcomhréir leis an Rialachán seo. Toisc gur córas díláraithe a bheidh sa chóras sin, beifear in ann sonraí a mhalartú idir Ballstát amháin agus Ballstát eile gan aon bhaint a bheith ag aon cheann d’institiúidí an Aontais leis an malartú sin.**
- (3a) **Is ar an údarás nó na húdaráis inniúla faoi dhlí an Bhallstáit is ceart freagracht na rialaitheoireachta a leagan agus próiseáil á déanamh aige/acu ar shonraí pearsanta faoin Rialachán seo nuair a bhíonn iarrataí agus teachtaireachtaí eile á dtarchur idir na Ballstáit. Níl baint ag an gCoimisiún, ná ag aon institiúid eile de chuid an Aontais, le haon phróiseáil sonraí pearsanta a dhéantar laistigh den chóras TF díláraithe a bhunaítear leis an Rialachán seo.**

- (3b) Is é an Coimisiún a bheidh freagrach as bogearraí cur chun feidhme tagartha a chruthú, a chothabháil agus a fhorbairt amach anseo, a mbeidh sé de rogha ag na Ballstáit é a chur i bhfeidhm seachas mar chóras TF náisiúnta. Ba cheart na bogearraí cur chun feidhme tagartha a dhearadh, a fhorbairt agus a chothabháil i gcomhréir leis na riachtanais agus na prionsabail chosanta sonraí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/1725<sup>10</sup> agus i Rialachán (AE) 2016/679<sup>11</sup>, go háirithe na prionsabail chosanta sonraí trí dhearadh agus trí réamhshocrú. Ba cheart dó freisin bearta teicniúla iomchuí a chur chun feidhme agus na bearta eagrúcháin is gá a chumasú d'fhonn leibhéal slándála agus idir-inoibritheachta a áirithiú is iomchuí do na malartuithe faisnéise i réimse ghhlacadh na fianaise.
- (3c) D'fhéadfaí an tarchur tríd an gcóras TF díláraithe a chosc i gcás ina gcuirfí isteach ar an gcóras nó mar gheall ar chineál na fianaise a bheadh i gceist, mar shampla nuair a bheadh DNA nó samplaí fola á dtarchur. In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfadh modhanna eile cumarsáide a bheith níos iomchuí freisin, cuir i gcás dá leagfaí ualach díréireach riaracháin ar na húdaráis inniúla i gcás ina mbeadh lear mór doiciméad á gclaochlú go foirm leictreonach, nó ina dteastódh an doiciméad bunaidh páipéir chun barántúlacht an doiciméid sin a mheas. Nuair nach é córas TF díláraithe a d'úsáidfí, is ar an mbealach ab iomchuí ba cheart an tarchur a dhéanamh. Chiallódh sin, *inter alia*, gur cheart tarchur a dhéanamh chomh pras agus is féidir agus ar bhealach slán trí mhodhanna leictreonacha slána eile nó tríd an bpost.

---

<sup>10</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

<sup>11</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).



- (4) D'fhonn [...] feabhas a chur ar an tarchur leictreonach trasteorann [...] níor cheart éifeacht dhlíthiúil ná inghlacthacht mar fhianaise a shéanadh ar dhoiciméid a tharchuirfear tríd an gcóras TF dláraithe in aon imeachtaí ar an bhforas, agus ar an bhforas sin amháin, gur i bhfoirm leictreonach atá siad [...]. Níor cheart, áfach, go ndéanfadh an prionsabal sin difear ar aon slí eile d'inniúlacht na cúirte ar os a comhair a thugtar na himeachtaí ar mheasúnú a dhéanamh ar éifeachtaí dlíthiúla na doiciméad sin ná ar a n-inghlacthacht mar fhianaise. Ina theannta sin, ba cheart dó a bheith gan dochar do cheanglais an dlí náisiúnta maidir le doiciméid a chomhshó.
- (5) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1206/2001 a bheith gan dochar don deis atá ag na húdaráis faisnéis a mhalartú faoi chórais a bunaíodh le hionstraimí eile de chuid an Aontais, amhail Rialachán (CE) Uimh. 2019/1111 ón gComhairle, nó Rialachán (CE) Uimh. 4/2009 ón gComhairle<sup>12</sup>, fiú i gcás ina bhfuil luach fianaise ar an bhfaisnéis sin, rud a d'fhágfadh an rogha faoin modh malartaithe ab oiriúnaí faoin údarás atá ag iarraidh na faisnéise.

---

<sup>12</sup> Rialachán (CE) Uimh. 4/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 maidir le dlínse, maidir leis an dlí infheidhme, maidir le haithint agus le forfheidhmiú cinntí agus comhair i gceisteanna a bhaineann le ceanglais chothabhála (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 7, 10.1.2009, lch. 1).

- (6) Níl lán na húsáide á bhaint as nuatheicneolaíocht na cumarsáide i láthair na huaire, [...] **mar shampla** as teicneolaíocht na físchomhdhála, rud atá ina mhodh tábhachtach le glacadh fianaise a shimpliú agus a bhrostú. San áit a bhfuil éisteacht le tabhairt do dhuine **amhail** finné, páirtí nó saineolaí [...] **atá i** mBallstát eile, ba cheart don chúirt **iarrthach** an fhianaise sin a ghlacadh go díreach ón duine sin trí fhíschomhdháil **nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile**, ach an áis sin a bheith ar fáil [...] don chúirt [...], i gcás ina measann an Ballstát gurb iomchuí i ngeall ar dhálaí sonracha an cháis teicneolaíocht den chineál sin a úsáid. **D'fhéadfaí físchomhdháil a úsáid freisin le héisteacht le leanbh mar a fhoráiltear le Rialachán (AE) 2019/1111 ón gComhairle. Ba cheart, áfach, glacadh díreach fianaise a dhéanamh, más gá, faoi choinníollacha a chinneadh comhlacht lárnach nó údarás inniúil an Bhallstáit iarrtha de réir dhlí náisiúnta an Bhallstáit sin, agus féadfar é a dhiúltú go hiomlán nó go páirteach má tá sé contrártha do phrionsabail bhunúsacha dhlí an Bhallstáit sin.**
- (7) Ionas gurbh fhusa d'oifigigh taidhleoireachta nó do ghníomhaithe consalacha fianaise a ghlacadh, **is ceart an rogha a bheith ag gach Ballstát** daoine den chineál sin **a úsáid** [...] ar chríocha Ballstáit eile agus laistigh den limistéar ina bhfuil **creidiúnú acu** [...], **chun** fianaise a ghlacadh gan sin a iarraidh roimh ré, trí éisteacht le náisiúnaigh ón mBallstát darb ionadaithe iad féin, gan iallach a bheith orthu chuige sin i gcomhthéacs imeachtaí atá ar feitheamh i gcúirteanna an Bhallstáit arb ionadaithe iad féin air. **Fágтар faoi rogha an Bhallstáit é, áfach, an bhfuil sé de chumhacht ag a oifigigh taidhleoireachta nó ag a ghníomhairí consalacha fianaise a ghlacadh mar chuid dá bhfeidhmeanna.**

- (8) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach go leordhóthanach, ach gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais trí chreat dlí a chruthú lena n-áireofar tarchur tapa iarrataí agus teachtaireachtaí a bhaineann le feidhmíocht glacadh fianaise, féadfaidh an tAontas Eorpach bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an chuspóir sin a ghnóthú.
- (9) I gcomhréir le hAirteagal 3 agus Airteagal 4a(1) de phrótocal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag [...] Éirinn [...] gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo [...].
- (9a) I gcomhréir le hAirteagal 3 agus le hAirteagal 4a(1) de phrótocal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.**

- (10) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, rud atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (11) Chun na foirmeacha caighdeánacha sna hIarscríbhinní a thabhairt cothrom le dáta nó chun athruithe teicniúla a dhéanamh ar na foirmeacha sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le leasuithe ar na hIarscríbhinní. Is rud é a bhfuil tábhacht faoi leith leis go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr<sup>13</sup> an 13 Aibreán 2016. Thar aon ní, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe idir grúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

<sup>13</sup> IO L 123, 12.5.2016, lch. 1

(12) I gcomhréir le míreanna 22 agus 23 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo ar bhonn faisnéis a bhailítear trí shocruithe sonracha faireacháin chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí iarbhir an Rialacháin agus ar an ngá atá le haon ghníomhaíocht eile. **Chun críocha an fhaireacháin sin, ba cheart do na Ballstáit pé faisnéis dá bhfuil ar fáil a sholáthar don Choimisiún maidir le líon na n-iarrataí a tharchuirtear agus a chuirtear i gcrích chomh maith le líon na gcásanna ina ndearnadh an tarchur ar bhealaí eile seachas tríd an gcóras TF díláraithe. Ba cheart go n-éascódh an córas cúil náisiúnta, nó na bogearraí tagartha don chur chun feidhme, a mhéid is féidir, bailiú agus tuairisciú uathoibríoch sonraí maidir le líon na malartuithe a dhéantar tríd an gcóras sin.**

**(12a) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé tuairim uaidh an 13 Meán Fómhair 2019<sup>14</sup>.**

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 mar a leanas:

(1) In Airteagal 1, cuirtear an méid a leanas [...] in ionad mhír 3:

'3. [...] **Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte a leanas:**

---

<sup>14</sup> IO L 370, 31.10.2019, lch. 24.

- (a) [...] Is é a **chiallaíonn** an téarma 'cúirt' [...] **cúirteanna agus údaráis eile** [...] i [...] mBallstáit a **fhógraítear faoin tríú fomhír d'Airteagal 22 a fheidhmíonn feidhmeanna breithiúnacha nó a ghníomhaíonn trí tharmligean cumhachta ó údarás breithiúnach nó a ghníomhaíonn faoi rialú údaráis bhreithiúnaigh atá, de réir an dlí náisiúnta, [...] inniúil ar fhianaise a ghlacadh, chun críocha imeachtaí breithiúnacha in ábhair shibhialta agus thráchtála [...].**
- (b) Is é a **chiallaíonn** 'córas TF díláráithe' líonra de chórais TF náisiúnta agus pointí rochtana idir-inoibritheacha an bhonneagair cumarsáide a oibríonn faoi fhreagracht agus bhainistíocht gach Ballstát lenar féidir faisnéis a mhalartú thar theorainneacha go slán iontaofa idir na córais náisiúnta TF.

(2) Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 6:

*'Airteagal 6*

**Iarrataí agus teachtaireachtaí eile a tharchur**

1. Iarrataí agus cumarsáidí a dhéanfar de bhun an Rialacháin seo, is trí chóras TF díláráithe a dhéanfar iad [...].

2. Beidh feidhm ag an gcreat dlí ginearálta le haghaidh úsáid seirbhísí iontaoibhe a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014<sup>15</sup> ón gComhairle maidir leis na hiarrataí agus na teachtaireachtaí a tharchuirfear tríd an gcóras TF díláraithe [...].
3. I gcás inar gá séala nó síniú lámhscríofa le haghaidh iarrataí agus cumarsáidí eile dá dtagraítear i mír 1, nó i gcás ina mbeidh séala nó síniú lámhscríofa ina chuid díobh, féadfar 'ríomhshéalaí cáilithe' [...] **nó** 'ríomhshínithe cáilithe' a úsáid ina ionad, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
4. [...] **I gcás** nach indéanta an tarchur i gcomhréir le mír 1 i ngeall ar [...] chur isteach ar [...] an gcóras TF [...] , **i ngeall ar chineál na fianaise nó ar imthosca eisceachtúla** [...] [...] , **déanfar** an tarchur ar an modh **is iomchuí** [...] [...] .
5. **Measfar gurb iad an t-údaráis inniúil nó na húdaráis inniúla, faoi dhlí an Bhallstáit, a bheidh ina rialaitheoirí ar phróiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.**';

**(2a) cuirtear isteach Airteagal 6b mar a leanas:**

---

<sup>15</sup> Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

[...] *'Airteagal 6b*

**Éifeachtaí dlíthiúla ríomhdhoiciméad**

**Maidir le doiciméid a tharchuirfear tríd an gcóras TF díláraithe, ní shéanfar éifeacht ná inghlacthacht dlíthiúil orthu mar fhianaise in aon imeachtaí ar an bhforas, agus ar an bhforas sin amháin, gur i bhfoirm leictreonach atá siad.'** [...];

(3) **In Airteagal 17, [...]**

[...]

[...] i mír 4, cuirtear an méid a leanas in ionad an tríú fomhír:

[...]

**'Féadfaidh an comhlacht lárnach nó an t-údarás inniúil cúirt de chuid a Bhallstáit a shannadh chun cúnaimh praiticiúil a thabhairt i nglacadh fianaise.'**;

(4) cuirtear isteach Airteagal 17a mar a leanas:



*Airteagal 17a*

**Fianaise a ghlacadh go díreach trí bhíthin físchomhdhála nó  
teicneolaíocht chianchumarsáide eile**

1. San áit a bhfuil éisteacht le tabhairt do dhuine [...] **atá** [...] i mBallstát eile [...] agus go n-iarrann an chúirt [...] go nglacfaí fianaise **go díreach** i gcomhréir le hAirteagal **17** [...], déanfaidh an chúirt **iarrthach** an fhianaise a ghlacadh [...] trí fhíschomhdháil **nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile**, ach an áis sin a bheith ar fáil [...] don chúirt [...], i gcás ina measann an Ballstát gurb iomchuí i ngeall ar dhálaí sonracha an cháis teicneolaíocht den chineál sin a úsáid.
2. I gcás ina ndéantar iarraidh ar fhianaise a ghlacadh go díreach trí fhíschomhdháil nó trí **theicneolaíocht chianchumarsáide eile**, tiocfaidh [...] an chúirt iarrthach agus an comhlacht lárnach, nó an t-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 3(3), nó an chúirt a **ainmníodh le cúnamh praiticiúil a thabhairt agus an fhianaise á glacadh** [...], [...] tiocfaidh siad ar chomhaontú faoi shocruithe praiticiúla **na héisteachta** [...]. **Féadfar cúnamh a thabhairt don chúirt iarrthach, arna iarraidh sin, chun ateangaire a fháil.**
3. [...]  
  
[...]

[...]

(5) cuirtear isteach Airteagal 17b mar a leanas:

*' Airteagal 17b*

**An glacadh fianaise a dhéanann oifigigh taidhleoireachta nó gníomhairí consalacha**

**Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh ina ndlí náisiúnta don fhéidearthacht go ndéanfaidh a gcúirteanna [...]** oifigigh taidhleoireachta nó gníomhairí consalacha a iarraidh [...], ar chríocha Ballstáit eile agus laistigh den limistéar **ina bhfuil creidiúnú acu [...], chun** fianaise a ghlacadh gan sin a iarraidh roimh ré [...] trí éisteacht le náisiúnaigh as an mBallstát arb ionadaithe iad féin air, gan iallach a bheith orthu chuige sin i gcomhthéacs imeachtaí atá ar feitheamh i gcúirteanna an Bhallstáit arb ionadaithe iad féin air.';

[...]

[...]

[...]

[...]

[...]

(7) in Airteagal 19, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 lena leasaítear an Iarscríbhinn chun na foirmeacha caighdeánacha a thabhairt cothrom le dáta nó chun athruithe teicniúla a dhéanamh ar na foirmeacha sin.’;

(8) Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 20:

*‘Airteagal 20*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 19(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse [...] **cúig bliana** [...] ó [...] *[dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*. **Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a ullmhú maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfheid mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.**
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 19(2) a chúlghairm aon tráth. Cuirfidh cinneadh chun cúlghairme deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí ná sin a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula ndéanfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh sé i gcomhairle le saineolaithe a ainmneoidh gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, tabharfaidh sé fógra an tráth céanna do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.
6. [...] Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 19(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag don tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid ina leith. Cuirfear síneadh dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.´;

**(8a) cuirtear isteach Airteagail 20a, 20b agus 20c mar a leanas:**

#### *‘Airteagal 20a*

#### **Costais an chórais TF dhíláráithe**

1. **Íocfaidh gach Ballstát na costais a bhaineann le pointí rochtana an bhonneagair cumarsáide – lena ndéantar na córais TF náisiúnta a idirnascadh i gcomhthéacs an chórais TF dhíláráithe – a shuiteáil, a oibriú agus a chothabháil.**
2. **Íocfaidh gach Ballstát na costais a bhaineann lena chórais TF náisiúnta a bhunú agus a choigeartú chun go mbeidh siad idir-inoibritheach leis an mbonneagar cumarsáide, mar aon le costais riartha, oibrithe agus cothabhála na gcóras sin.**

3. **Beidh míreanna 1 agus 2 gan dochar don fhéidearthacht a bhaineann le hiarratas a dhéanamh ar dheontais chun tacú le gníomhaíochtaí dá dtagraítear sna míreanna sin faoi chláir airgeadais an Aontais.**
4. **Is é an Coimisiún a bheidh freagrach as bogearraí cur chun feidhme tagartha a chruthú, a chothabháil agus a fhorbairt amach anseo, a mbeidh sé de rogha ag na Ballstáit é a chur i bhfeidhm mar chóras cúil seachas mar chóras TF náisiúnta. Is as buiséad ginearálta an Aontais a mhaoineofar cruthú agus cothabháil na mbogearraí cur chun feidhme tagartha, agus a bhforbairt amach anseo.**
5. **Déanfaidh an Coimisiún cur chun feidhme saor in aisce de na comhpháirteanna bogearra is bunús leis na pointí rochtana an bhonneagair cumarsáide a chur ar fáil agus a chothabháil agus tacóidh sé leo.**

*Airteagal 20b*

**Gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún**

1. **Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunófar an córas TF díláráithe. Trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, glacfaidh an Coimisiún an méid a leanas:**
  - (a) **an tsonraíocht theicniúil lena sainmhínítear na modhanna cumarsáide leictreonaí chun críche an chórais TF dhíláráithe;**
  - (b) **sonraíocht theicniúil na bprótacal cumarsáide;**
  - (c) **na cuspóirí slándála faisnéise agus na bearta teicniúla is ábhartha lena n-áirithítear na híoschaighdeáin slándála faisnéise maidir le próiseáil agus tarchur faisnéise laistigh den chóras TF díláráithe;**

- (d) i gcás na seirbhísí a sholáthraítear faoin gcóras TF dláráithe, na híoschuspóirí infhaighteachta agus na ceanglais theicniúla is féidir ina leith sin;
  - (e) na freagrachtaí is ábhartha maidir le cosaint sonraí agus na bearta teicniúla is gá chun a áirithiú go gcomhlíonann an córas TF Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725;
  - (f) bunú an choiste stiúrtha ar a mbeidh ionadaithe ó na Ballstáit lena n-áiritheofar oibriú agus cothabháil an chórais TF dhíláráithe chun go mbainfear amach cuspóir an Rialacháin seo.
2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh laistigh de dhá bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 20c(2).

*Airteagal 20c*

*Nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
  2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.' [...];
- (8b) cuirtear isteach Airteagal 21a mar a leanas:

*‘Airteagal 21a*

**Gaol le gníomhartha eile**

**Beidh an Rialachán sin gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679 (*an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí*) agus Treoir 2002/58/CE (*an Treoir maidir le príobháideacht agus cumarsáid leictreonach*).**"

**(8c) in Airteagal 22, cuirtear isteach an tríú fomhír agus an ceathrú fomhír:**

**‘Cuirfidh gach Ballstát in iúl don Choimisiún cé na húdaráis eile atá inniúil ar fhianaise a ghlacadh chun críocha imeachtaí breithiúnacha in ábhair shibhialta agus thráchtála de bhun Airteagal 1(3)(a). Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir le haon athruithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar an bhfaisnéis sin.**

**I gcás ina mbeidh na Ballstáit in ann an córas TF díláraithe a oibriú tráth is luaithe ná mar a cheanglaítear faoin Rialachán seo, féadfaidh siad fógra a thabhairt don Choimisiún ina thaobh. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil go leictreonach, go háirithe tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas.’;**

**(9 [...]) Cuirtear isteach Airteagal 22a mar a leanas:**

*‘Airteagal 22a*

**Faireachán**

1. Faoin [*dhá bhliain tar éis a theacht i bhfeidhm*] ar a dhéanaí, bunóidh an Coimisiún clár mionsonraithe chun faireachán a dhéanamh ar aschuir, ar thorthaí agus ar thionchair an Rialacháin seo.

2. Sonrófar sa chláir faireacháin [...] na bearta a ghlacfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit **chun faireachán a dhéanamh ar aschuir, ar thorthaí agus ar thionchair an Rialacháin seo [...]. Leagfar amach ann, ceithre bliana ar a dhéanaí tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, an tráth a ndéanfar na sonraí dá dtagraítear i mír 3 a bhailiú, agus na heatraimh ina dhiaidh sin.**
3. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún, **i gcás inar féidir**, na sonraí seo [...] **a leanas** is gá **chun** faireachán a dhéanamh: [...]
- (a) **líon na n-iarrataí ar fhianaise a ghlacadh arna dtarchur i gcomhréir le hAirteagail 6(1) agus 17(1) faoi seach;**
- (b) **líon na n-iarrataí ar ghlacadh fianaise arna bhforghníomhú i gcomhréir le hAirteagail 10 agus 17(6) faoi seach;**
- (c) **líon na gcásanna inar tarchuireadh an iarraidh ar fhianaise a ghlacadh ar bhealaí eile seachas tríd an gcóras TF díláraithe i gcomhréir le hAirteagal 6(4).’;**
- (10 [...]) Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 23:



*'Airteagal 23*

**Meastóireacht**

1. Tráth nach túisce ná [*cúig bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo, agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.
2. An fhaisnéis is gá chun an tuarascáil sin a ullmhú, cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún í.;

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [ [...] **18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin**].

Mar sin féin, **beidh feidhm ag pointe 8c d'Airteagal 1 maidir leis an tríú fomhír nua d'Airteagal 22 [an chéad lá den mhí a fhreagraíonn don mhí tar éis na tréimhse 15 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]; agus beidh feidhm ag pointe 2 d'Airteagal 1 maidir le míreanna 1-4 d'Airteagal 6 ó ... [an chéad lá den mhí a fhreagraíonn don mhí tar éis na tréimhse cúig bliana ó theacht i bhfeidhm do na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 20b [...] [...]**].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in/sa [...] ,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*  
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*